



17 Samhain 2022

Clár Vacsaínithe in aghaidh an Fhlíú 2022/2023

A Phríomhoidí, a chairde,

Eolas faoin **gclár vacsaínithe do pháistí in aghaidh an fhlíú 2022/2023**.

Is féidir le gach páiste idir 2 agus 17 mbliana d'aois an vacsaín in aghaidh an fhlíú a fháil saor in aisce

Tá an vacsaín shrónach in aghaidh an fhlíú ar fáil anois in Éirinn do pháistí idir 2 agus 17 mbliana d'aois. Tá an vacsaín á tabhairt ag cleachtais lia-chleachtóirí ginearálta agus cógaslanna rannpháirteacha. Tá sé tugtha i bhfoirm sprae suas sa tsrón, níl aon ghá le hinstealladh. Is bealach sábháilte, éasca agus saor ó phian é chun cabhrú le leanaí a chosaint ar an bhflíú an geimhreadh seo.

Anuraidh nuair a chuir foirne vacsaínithe FSS an vacsaín fliú sróine ar fáil i dtrí bhunscoil mar chuid de chlár vacsaínithe píolótach, mhéadaigh glacadh na vacsaíne ó 12% go 76%. I mbliana táimid ag spreagadh dochtóirí ginearálta agus cógaslanna nasc a dhéanamh le scoileanna chun an vacsaín fliú saor in aisce a thairiscint do leanaí. B'fhéidir gur mian leat dul i dteagmháil le do dhochtóir teaghlaigh áitiúil nó le do chógaslann áitiúil chun dul i bpáirtíocht le do scoil chun rochtain ar an vacsaín a mhéadú do leanaí e.g. clinic vacsaíne fliú a bhunú ar áitribh scoile. Is féidir toiliú a fháil ó thuismitheoirí roimh ré, cosúil leis an gcur chuige a ghlactar le vacsaíní scoilbhunaithe eile agus déanfaidh an fhoireann vacsaínithe é a bhainistiú.

Cabhróidh an vacsaín fliú freisin le leathadh an fhlíú a laghdú chuig daoine eile ar nós siblíní, thuismitheoirí, múinteoirí atá i mbaol ard aimhréidheanna fliú (e.g. riochtaí sláinte torracha nó ainsealacha) agus seantuismitheoirí.

Is féidir leis an bhflíú a bheith tromchúiseach do pháistí

Tá dhá oiread seans ann go bhfaighidh páistí an fliú ná daoine fásta. Cé go mbeidh comharthaí éadroma ag formhór na leanaí a fhaigheann an fliú, is féidir le roinnt leanaí deacrachtaí a fháil ar nós niúmóine nó broincíteas agus b'fhéidir go mbeadh orthu dul chuig an ospidéal. Tá níos mó seans ann go bhfaighidh leanaí, go háirithe leanaí níos óige, deacrachtaí móra fliú ná daoine fásta.

Is féidir le fliú a bheith ina chúis le tinneas tromchúiseach i leanaí, agus is iad leanaí a bhfuil riochtaí sláinte ainsealacha orthu is mó atá i mbaol aimhréidheanna tromchúiseacha an fhlíú.

I measc siomptóm fliú i bpáistí, tá

- Teocht ard
- Pianta sna matáin
- Tinneas cinn
- Tuirse ollmhór (traochadh)

Iompraíonn páistí an fliú ina gcóras ar feadh níos mó ama ná daoine fásta. Is féidir leo an víreas fliú a scaipeadh go héasca chuig leanaí eile, cosúil leo siúd in ionaid cúraim lae agus scoileanna, agus chuig daoine scothaosta agus daoine leochaileacha timpeall orthu. Tabharfaidh an vacsaín an chosaint is fearr in aghaidh an fhlíú do pháistí.



Tairbhí níos leithne na vacsaíne in aghaidh an fhliú do pháistí

Uaireanta is féidir le páistí atá tinn le fliú seachtainí a chailleadh ar scoil. Má tá go leor leanaí vacsaínithe i gcoinne fliú, beidh ar níos lú leanaí agus daoine fásta a ndochtúir a fheiceáil nó cóireáil a bheith de dhíth orthu san ospidéal mar gheall ar an bhfliú.

An vacsaín shrónach in aghaidh an fhliú agus vacsaíní eile a fháil

Is féidir le leanaí an vacsaín fliú a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 mura bhfuil sí fós acu.

Is féidir le páistí an vacsaín shrónach in aghaidh an fhliú a fháil go sábháilte ag an am céanna nó roimh agus tar éis vacsaín ar bith eile a fhéadfar a thairiscint dóibh leis an gClár Imdhíonta le haghaidh Scoileanna de chuid an FSS. Cuirtear an vacsaín cheithre ghalar agus an vacsaín MMR ar fáil do dhaltaí i Naíonáin Bheaga agus cuirtear na vacsaíní HPV, Tdap agus MenACWY ar fáil do dhaltaí sa Chéad Bhliain.

Ag tacú leis an gclár fliú i mbliana

Is í an vacsaín in aghaidh an fhliú an chosaint is fearr atá againn in éadan an fhliú. Bheimis buíoch dá gcuirfeadh sibh an vacsaín fliú agus fíricí faoin bhfliú chun cinn i measc na dtuismitheoirí (ceangailte ag deireadh na litreach seo).

Féadfar na hacmhainní seo a leanas a bheith úsáideach daoibh:

- Suíomh gréasáin fliú an FSS: www.hse.ie/flu. Tá níos mó eolais ann freisin faoi na vacsaíní in aghaidh an fhliú atá ar fáil i mbliana (lena n-áirítear na vacsaíní in-insteallta do dhaoine fásta) agus gach duine a moltar dóibh an vacsaín in aghaidh an fhliú a fháil.
- Bileog eolais do thuismitheoirí (i nGaeilge agus aistriúcháin ar fáil ar suíomh gréasáin an fhliú): <https://bit.ly/LAIVGae>
- Póstaer ar vacsaín fliú na bPáistí (i nGaeilge agus aistriúcháin ar fáil ar suíomh gréasáin an fhliú): <https://bit.ly/LAIVPosterGae>

Mar is gnách, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libh as ucht bhur gcuid tacaíochta don chlár vacsaíne in aghaidh an fhliú.

Is mise le meas,

An Dr Lucy Jessop
Stiúrthóir na Sláinte Poiblí
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta
MRCN 424447